

FROG SA TOBAR.

Ingean Rí a bhí ann agus bhí amuigh a bualadh liathróid óir sa bpáirc. Bhí tobar sa bpairc, tobar nach raibh fhios cé'n domhain a bhí ann. Nuair a bhí sí a bocáil na liathróid chuaigh an liathróid síos sa tobar. Bhí faitchios uirthi a ghabhail sa tobar agus thosuigh sí a caoine "thiubhrfhainn rud a bith faoin domhan dfheudfhainn dho dhuine a bith a thiubhrfadh mo liathróid a'm" adeir sí. Chuir frog a chloigeann aníos as a tobar. "Tiubhfaidh mise do liathróid a'd" adeir sé ach go dtiubhrfhaidh tú a chead dhom deoch ól as do chupán óir agus go dtiubhrfhaidh tú a chead dhom a dhul an aonfheadh leat in do sheomra." "Tiubhrfhaidh" adeir sí. Thug an frog an liathróid aníos. D'ímtigh sí abhaile ansoin agus shíl sí nach mbeadh níos faoi. Nuair a bhí sí shuas ansoin agus í a léighteóireacht chuala sí an torann ag a' dorus. D'fiarruigh an tathair céurd a bhí ann. "Frog grána" adeir sí "a thug mo liathróid óir agam as a tobar agus ar gheall mé dhó go gcuifhinn suas ar a' mbord é agus go dtiubhrfhainn cead dhó deoch ól as mo chupán agus go dtiubhrfhainn cead dhó a theacht an aonfhacht liom an mo sheomra. "Ar gheall tú dhó é " adeir a tathair. "Gheallas" adeir sí "agus má gheall" adeir a tathair "nach bhfuil fhios a'd go gcaithfidh tú do ghealltamas a chóimhlíonadh."

D'oscail sí an dorus agus tháinig sé isteach. "Cuir suas ar an mbord mé" adeir sé "go dtugfhaidh tú braon as do chupán dhom agus go gcoinnigh tú rúinne 'ráin liom." Thosuigh sí a caoine. "Caithfidh tú rud a' bith a déarfhas a frog leat a dheanamh" adeir a thathair. Chuir sí suas ar a mbord é agus coinnigh sí an braon agus a' greim leis agus b'éigin di é thabhairt léithi ina seomra. Dubhairt sí le cailín é caitheamh isteach sa seomra. "ní chaithfidh aon duine sa seomra mise" adeir sé "ach caithfidh tú fhéin mé chur ann."

Béigeann di fhéin é chur sa seomra. Lá na bháireach béigeann di é chur suas ar an mbord aríst gur ith agus gur ól sé agus ansoin é chur sa seomra aríst. Agus an triomhadh lá b'éigin di an rud ceudna a dheanamh. Maidin a ceathramhadh lá dhuisigh sí leis a méid torainn a bhí le cloisteáil aici. Nuair a dhúisigh sí bhí an frog ina fhear chomh breagh agus chonaic sí ariamh ina sheasamh ar an urlár. "Céurd sin" adeir sí "sé sórt torann é sin" adeir sé "torann atá ag m'athair ag teacht ag m'iarraidh. "Séurd é mise mac riogh agus bhí mé faoi dhraoidheacht shíos sa tobar sin go ngeallfhadh ingean Rí dhom an méid a gheall tusa dhom a dheanamh liom. Agus ní dheanfhá é marach t'athair ach mar a ndeanfhá mharbhóchainnse thú. Agus tá m'athair anois a dhul a thabhairt an bheirt ainn leis go bpósfhaidh muid.

Thug a tathair leis an bheirt acab 'sna coistí óir a bhí a deanamh a' torrain go dtug sé abhaile iad agus gur phós siad.

11/9/32.